



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



READING RECOVERY AN CEACHT LAETHÚIL



LÉITHEOIREACHT CHOITIANTA

Déanann an páiste athléamh neamhspleách ar leabhair a léigh siad cheana. Cothaíonn sé seo taitneamh, líofacht, tuiscint agus muinín. Cuireann sé deiseanna ar fáil freisin díchódú a chleachtadh agus focail ardmhinicíochta a aithint i gcló go tapa.

TAIFID REATHA

Gabhann Taifid Reatha an méid a deir agus a dhéanann páiste agus é ag léamh an leabhair a cuireadh ina láthair an lá roimhe sin. Tar éis an cheachta, úsáideann an múinteoir an Taifead Reatha chun bonn eolais a chur faoina gcuid teagaisc.




OBAIR LITREACHA AGUS FOCAL



Sórtálann an páiste litreacha agus déanann sé agus briseann sé focail ag úsáid litreacha maignéadacha chun solúbthacht a fhorbairt maidir le litreacha agus focail a úsáid sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

COMHRÁ, CUMADÓIREACHT & SCRÍBHNEOIREACHT

Glacann an múinteoir agus an páiste páirt i gcomhrá fíor. Foghlaimíonn an páiste conas teachtaireachtaí a chumadh. Tacaíonn an múinteoir leis an bpáiste a theachtairacht a scríobh, ag tabhairt deiseanna don pháiste focail nua a réiteach agus naisc a dhéanamh idir léitheoireacht, scríobh agus teanga labhartha. Forbraíonn an páiste neamhspleáchas chun teachtaireacht fhiúntach a chruthú. Is é an sprioc go mbeidh an páiste ag iarraidh scríobh arís amárach.



AN SCÉAL GEARRTHA SUAS



Scríobhann an múinteoir teachtaireacht an pháiste ar stiall de chárta agus gearrann as a chéile é de réir mar a léann siad é. Athchruthaíonn an páiste a dteachtairacht a thugann deiseanna dóibh eolas amhairc a chuardach agus a úsáid agus iad ag léamh go líofa.

AN LEABHAR NUA

Roghnaíonn an múinteoir téacs nua go cúramach don pháiste le léamh gach lá. Cuirtear smaointe nua, struchtúir teanga agus stór focal nua in aithne don pháiste roimh an léitheoireacht. Le linn na léitheoireachta, tógann an páiste ar an réamhfhoghlaim, agus réitíonn fadhbanna de réir mar is gá le tacaíocht an mhúinteora. Is í an aidhm ghinearálta deiseanna a chur ar fáil don pháiste téacs nua a léamh go rathúil le taitneamh, líofacht agus tuiscint.



NAISC BHAILE-SCOILE

Cabhraíonn an léitheoireacht rathúil le neamhspleáchas do pháiste a fhorbairt. Chun tacú leis sin:

- Éist le do pháiste ag léamh na leabhar a thugann siad abhaile gach lá.
- Spreag iad chun a scéal gearrtha suas a athléamh arís agus arís.
- Tabhair na leabhair ar ais chun na scoile gach lá.
- Déan cumarsáid le múinteoir do pháiste má bhíonn aon cheist agat nó aon imní ort.

